



Provided by the author(s) and NUI Galway in accordance with publisher policies. Please cite the published version when available.

Title	Saothrú na Gaeilge in Scéala Éireann le Caoga Bliain Anuas
Author(s)	Mac Congáil, Nollaig
Publication Date	1981
Publication Information	Mac Congáil, N. (1981) 'Saibhreas Litríochta a Foilsíodh' ar Scéala Éireann, Forlónadh Comórtha (8 Meán Fómhair) IV
Item record	http://hdl.handle.net/10379/1452

Downloaded 2022-06-30T16:21:05Z

Some rights reserved. For more information, please see the item record link above.



SAOTHRÚ NA GAEILGE IN *SCÉALA ÉIREANN* LE CAOGA
BLIAIN ANUAS¹

le

Nollaig Mac Congáil

Tá cuid mhór tráchta déanta thall is abhus cheana féin ar an tábhacht mhór a bhaineann le hirisí agus le nuachtáin na Gaeilge i gcomhthéacs Athbheochan na Gaeilge idir litríocht agus theanga. In am amháin bhí *Irisleabhar na Gaedhilge* ar thús cadhnaíochta, ag amanna eile bhí *An Claidheamh Soluis, Inniu, Comhar, Feasta, An tUltach, Anois, Foinse* srl. Rinne siad sin uilig a gcion féin den obair gan amhras ina n-am agus ar a mbealach féin agus ba cheart creidiúint dá réir a thabhairt dóibh. Ach céard faoi nuachtáin náisiúnta Bhéarla na hÉireann sa chomhthéacs seo? An amhlaidh go bhfuil neamart déanta ag na léirmheastóirí iontu sin nó ar chirt a rá go bhfuil faillí déanta ag na nuachtáin sin i gceist na Gaeilge? Tá a bheagán nó a mhórán den dá rud i gceist, creidim.

I rith bhunús an chéid seo tá ráchairt ar thrí nuachtán náisiúnta, mar atá, *The Irish Independent*, *The Irish Press/Scéala Éireann*² agus *The Irish Times*. D’fhéadfaí a rá go mbíodh – agus go bhfuil i gcónaí – ceann éigin de na trí nuachtáin sin á cheannach ar bhonn rialta éigin, dá fhánaí é, ó cheann ceann na tíre. Sin rud nárbh fhéidir nó nach féidir a rá faoi aon nuachtán nó iris Ghaeilge in am ar bith sa chéad seo. Fágann sin go bhféadfadh na nuachtáin náisiúnta Bhéarla seo tacaíocht mhór a thabhairt do chúis na Gaeilge i gcoitinne.

Is fada anois ó d’éirigh *The Irish Independent* as ábhar Gaeilge a fhoilsiú go rialta. Tá meas tuillte ag *The Irish Times* ó na caogaidí i leith de thairbhe gur mheall sé chuige féin cuid de na scríbhneoirí Gaeilge ab ábalta agus ab éirimiúla dá raibh ann ag an am.

¹ Cuireadh an t-alt seo i gcló faoin teideal ‘Saibhreas Litríochta a Foilsíodh’ ar *Scéala Éireann*, Forlónadh Comórtha, 8 Meán Fómhair, 1981, IV. Sa leagan den alt a foilsíodh, ní raibh aon fhonóta ann ach chuir mé isteach iad le bearna na mblianta a líonadh. Rud eile de, tugadh ‘Saibhreas Litríochta a Foilsíodh’ ar an alt a foilsíodh chan ionann is an teideal a thug mé féin ar an alt.

² Tháinig deireadh le *Scéala Éireann* ó shin.

Cuimhnímis ach go háirithe ar leithéidí Sheáin Uí Ríordáin agus Mháirtín Uí Chadhain a chuir go mór le gradam Gaeilge an nuachtáin sin sna caogaidí agus sna seascaidí. I dtaca le *The Irish Press* nó *Scéala Éireann* de, feicimid gur shaothraigh an nuachtán sin an Ghaeilge gan stad ó cuireadh ar bun é caoga bliain ó shin go dtí gur cuireadh deireadh leis (gach aon lá den tseachtain – amach ó lá amháin sa tseachtain ag tréimhsí áirithe) fiú amháin i rith an dara cogadh domhanda nuair a bhí ganntanas páipéir ann. Ní fhéadfaí a rá mar sin go bhfuil ceachtar de na nuachtáin náisiúnta Bhéarla eile ar aon iomaire le *Scéala Éireann* ó thaobh shaothrú na Gaeilge de.

Is líonmhar agus is ilghnéitheach iad na píosaí Gaeilge a foilsíodh sa nuachtán sin ar gach aon ábhar ó neamh go hÁrainn le caoga bliain anuas. Thug gach aon phíosa acu a sheal, seal beag dona i gcás na mórchoda agus seal mór fada i gcás an bheagáin, ag brath ar a thábhacht féin nó ar thábhacht lucht a scríofa. D’fhág siad uilig a lorg, áfach, gan fhios dóibh féin. Chothaigh siad glúine de Ghaeilgeoirí amplacha a bhí ar bheagán lóin I gcaitheamh na mblianta.

Ní fhéadfaí ach sracfhéachaint ghasta a thabhairt ar an ábhar Gaeilge sin san aiste seo ach is leor sin féin le leid a thabhairt do na léitheoirí ar an saibhreas atá i bhfolach ann. Is dócha gur fhearr rangú a dhéanamh air faoi dhá theideal mhóra: litríocht chruthaitheach agus saothar iriseoireachta i gcoitinne. Cé gur lú go mór an litríocht chruthaitheach a foilsíodh ar *Scéala Éireann* i gcaitheamh na mblianta ná an saothar iriseoireachta, is tábhachtaí agus is buaine í ná an scríbhneoireacht eile. Is uirthi is túisce a dhíreimid ár n-aird.

Is dócha go bhféadfaí a rá go bhfuil sé mar theist ar *Scéala Éireann* gur fhoilsigh sé péire de leabhair thábhachtacha na Gaeilge sular foilsíodh ina leabhair iad. Is iad sin *Cré na Cille* le Máirtín Ó Cadhain (ó 15.2.49 go dtí 17.9.49) agus *Dialann Deoraí* le Dónall Mac Amhlaigh (ó 20.6.60 go dtí 16.7.60).

Ní dhearnadh dearmad ar na gearrscéalaithe Gaeilge ach an oiread nó is fearr i bhfad a d’oir an genre sin do leagan amach nuachtáin ná mar a d’oir saothair fhada phróis. Foilsíodh ceithre chnuasach gearrscéalta le ‘Máire’ ina n-iomláine ann (tuairim is céad gearrscéal ar fad). Is iad sin *Ó Neamh go hÁrainn* (ó 14.6.51 go dtí 20.6.52), *An*

Clár is an Fhoireann (ó 2.6.52 go dtí 29.6.53), *Fód a' Bháis* (ó 18.9.52 go dtí 2.4.54) agus *Tráigh is Tuile* (ó 7.7.53 go dtí 28.5.54). Foilsíodh ann fosta roinnt gearrscéalta le Liam Ó Flaithearta a tháinig amach ní ba dhéanaí in *Dúil*, cuid acu faoi theideal úr m.sh. ‘Briseann an Dúchas ach Ba Mhaith Cuairt an Ghadhair’ (30.5.46), ‘Throideadar Go Fíochmhar ach Do Bhuidh an Méid’ (6.6.46) agus ‘An Chula Nua’ (21.6.46).³ Gan fiú is Máirtín Ó Cadhain nár foilsíodh gearrscéal dá chuid ann, mar atá, ‘Comharsanaí’ (22.1.47). Foilsíodh gearrscéalta le húdair eile ann ó am go ham in imeacht na mblianta fosta, ina measc, Tarlach Ó hUid, Ciarán Ó Nualláin, Annraoi Ó Liatháin srl.

Is beag tóir a bhí ag na filí ar leathanaigh *Scéala Éireann* ach, mar sin féin, rinne seoda áirithe a mbealach isteach ansin corruair m.sh. ‘Do Thonn Bheag’ (14.8.40), ‘Aghaidheanna’ (23.11.40), ‘Don Uaigneas’ (22.3.41) srl. le Máirtín Ó Direáin agus ‘Labhrann Deirdre’ (7.2.40) le Máire Mhac an tSaoi.

Ach, i ndeireadh na dála, is í an ghnáthiriseoireacht is lón buan laethúil i nuachtán ar bith agus ní taise do *Scéala Éireann* é. Fágadh saothrú na litríochta ach go háirithe faoi chúram na n-irisí agus na nuachtán Gaeilge, rud a bhí le ciall cé nach ndearna *Scéala Éireann*, mar a léiríomar, neamart sa taobh sin den scéal ach an oiread. Is iomaí sin ábhar a spionadh ar leathanach Gaeilge *Scéala Éireann* i gcaitheamh na mblianta. Rud a mbeifí ag súil leis, pléadh gach uile ghné de shaol na Gaeilge, na Gaeltachta agus na hÉireann go rialta ach níor fhan na scríbhneoirí ina bhun sin amháin. Foilsíodh sraith alt ar an astralaíocht uair sa mhí le Máire Brück (‘An Spéir an Mhí Seo’) i rith na gcaogaidí; sraith ar an eolaíocht le Seán Ó Cinnéide (ó 16.4.64 ar aghaidh); sraith ar luibheanna, ar phlandaí agus ar chrainn le Seán Tóibín (sna daichidí agus sna caogaidí); sraith ar léiriú drámaí le Walter Macken (ó 7.9.40 ar aghaidh) srl. Chuir a leithéidí sin go mór le héagsúlacht an ábhair agus chuidigh siad le réimse léitheoireachta na Gaeilge.

An iriseoireacht is minice a saothraíodh, áfach, ná í sin a scríobh scríbhneoirí aithnide na Gaeilge agus tá lear mór den chineál sin le fáil in *Scéala Éireann*. Is beag scríbhneoir Gaeilge nó Gaeilgeoir ar bith dá ndéarfainn é nár fhág lorg a phinn ná lorg

³ Féach, Nollaig Mac Congáil, ‘Nóta faoi Shaothar Gaeilge Liam Uí Fhlaithearta,’ *Comhar*. (Meitheamh 1981) 17.

a leicinn ar an nuachtán seo le caoga bliain anuas, cuid acu i bhfad ní ba mhinice ná a chéile. Cuireadh cuid den ábhar seo i gcló i gcnuasaigh thall is abhus arís ó shin ach fágadh moll mór eile i leaba an dearmaid. Is fiú breathnú ar ghearrliosta de na daoine sin a scríobh go rialta in *Scéala Éireann*: tá cuid mhór le Máire ann taobh amuigh ar fad de na gearrscéalta a luamar (ag tús na gcaogaidí ach go háirithe); tá suas le trí scór píosa le Muiris Ó Súilleabháin ann (ag deireadh na dtríochaidí agus na ndaichidí) agus is luachmhar an slám é sin ó tharla gur tearc linn ar scríobh an t-údar céanna i gcaitheamh a shaoil; tá cuid mhaith alt scríofa ag Máirtín Ó Direáin ann, go háirithe sna caogaidí, agus foilsíodh cuid acu sin in *Feamainn Bhealtaine*; tá lear mór scríofa ag Donncha Ó Céileachair (ó dheireadh na gcaogaidí) arbh fhiú breathnú air arís; scríobh Seán a' Chóta Ó Caomhánaigh cuid mhór alt sa bhliain 1946 ach go háirithe; bhí Seaghán Bán Mhac Meanman ag scríobh leis i rith na dtríochaidí, na ndaichidí agus na gcaogaidí agus foilsíodh cuid mhaith den ábhar sin in *Crathadh an Phocáin, Rácáil agus Scuabadh agus Ó Chamhaoir go Clap-Sholas*. D'fhág Seán Mac Maoláin, Tadhg Ó Rabhartaigh agus Seán Ó Súilleabháin lorg a bpinn go rialta ann fosta, sna caogaidí ach go háirithe; agus, ar ndóigh, caithfear gan dearmad a dhéanamh ar na scríbhneoirí sin atá ag saothrú leo i gcónaí, mar shampla, Pearse Hutchinson (ó 1958 i leith), Breandán Ó hEithir (ó 1956), Dónall Mac Amhlaigh (ó 1956), Nollaig Ó Gadhra (ó 1964), Proinsias Mac Aonghusa, Risteárd Ó Glaisne srl.

Scríobh scríbhneoirí eile aistí fánacha ann ó am go chéile agus a bhfuil tábhacht mhór ag baint le cuid acu i gcónaí. Ina measc sin tá: Seosamh Mac Grianna, an Seabhac, Breandán Ó Beacháin, Donn S. Piatt, Tarlach Ó hUid, Colm Ó Gaora, Brian Ó Nualláin, Peadar Ó Dubhda, Séamas Ó Searcaigh, Máirtín Ó Cadhain, Máire Mhac an tSaoi, Anraoi Ó Liatháin srl.

Chomh maith leis sin uile, tugadh cuntas go rialta i rith na gcaogaidí agus na seascaidí ar líon mór Gaeilgeoirí, ina measc, Seán Ó Ríordáin, Niall Ó Dónaill, David Greene, Seán Ó Criomhthain, Siobhán Ní Shúilleabháin, Seán Ó hEochaidh, Seosamh Ó Dálaigh srl. Foilsíodh fosta cuid mhór óráidí agus cuntas as Gaeilge ó cheannairí an Rialtais agus na hEaglaise, rud atá iontach annamh ar na saolta deireanacha seo. B'fhéidir nach miste a lua anseo freisin go ndearnadh trácht go minic as Béarla ar ábhair a bhain go dlúth le saol na Gaeilge, rud a bheadh ina chuidiú mór le pobal an Bhéarla a mhealladh isteach i réimse na Gaeilge.

Is léir ó na samplaí fánacha thuas go bhfuil *corpus* mór fairsing de scríbhneoireacht Ghaeilge den uile chineál le fáil in *Scéala Éireann* ó tháinig sé ar an saol. Lena fhiúntas ar fad a mheas, caithfear an t-ábhar sin uile a chlárú agus an chuid is fiúntaí de a chur ar fáil i bhfoirm bhuan arís.⁴

In imeacht na mblianta, chuidigh an colún Gaeilge sin in *Scéala Éireann* le scríbhneoirí agus le léitheoirí na Gaeilge araon. Thug sé deis do na scríbhneoirí a gceird a chleachtadh agus oiliúint a fháil, fiú amháin, ar cheird na scríbhneoireachta; thug sé pobal léitheoireachta náisiúnta dóibh, rud a bhí de dhíth go mór lena dtabhairt slán ón gcúigeachas; thug sé aitheantas dóibh mar scríbhneoirí, rud atá riachtanach ag scríbhneoir ar bith, agus, i ndeireadh na dála, choinnigh sé a bheagán nó a mhórán airgid leo.

Chuidigh sé fosta le pobal na Gaeilge a thabhairt isteach i saol náisiúnta na tíre, na cruinne agus na haoise seo i gcoitinne in áit iad a fhágáil i saol dorcha cúng na seanaimsireachta paróistí. Tá súil agam go mbeidh an rud céanna le rá i leith *Scéala Éireann* caoga bliain is an t-am seo agus, fosta, go ndéanfaidh nuachtáin náisiúnta eile na hÉireann (ó tharla iad ag dul i líonmhaireacht) aithris ar *Scéala Éireann* sa chomhthéacs seo.⁵

[Foilsíodh an t-alt seo faoin teideal ‘Saibhreas Litríochta a Foilsíodh’ ar *Scéala Éireann*, Forlíonadh Comórtha (8 Meán Fómhair, 1981) IV.]

⁴ Ar an drochuair, níor ghlac aon duine leis an gcuireadh sin idir an dá linn, rud a d’fhág cuid mhór daoine dall ar chuid mhaith ábhair atá i gcló ar *Scéala Éireann*. Tá tús curtha agam le clárú an ábhair sin agus beidh a thoradh le feiceáil ar mo shuíomh idirlín de réir mar a chlárófar an t-ábhar. Ní chreidim gur fiú fanacht go raibh an t-ábhar uilig cláraithe sula gcuirtear i láthair an phobail é. Cuirfidh mé cnuasach den ábhar i gcló i leabhar amach anseo agus cuirfidh mé cuid de na píosaí is spéisiúla ar fáil ar an WWW.

⁵ Ar an drochuair, ní dhéanann aon nuachtán náisiúnta Béarla aon ábhar a fhoilsiú as Gaeilge ach amháin *The Irish Times*.